**RABHADH**

**Ná dean dearmd an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar:**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN bPÁIPÉAR SCRÚDAITHE**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL.**

| 1. | **PICTIÚIR**<br>(15 mharc) |
|---|---|

Déan staidéar ar na pictiúir A1 agus A2, B, C1 agus C2 a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A1 agus PICTIÚR A2**

*Taispeántar radhairc ón Meánaois i bPictiúr A1 agus i bPictiúr A2.*

(i) Taispeántar turnaimint ón Meánaois i bPictiúr A1. Tabhair píosa **amháin** fianaise a chuidíonn leis an ráiteas sin.

.............................................................................................................................

............................................................................................................................. (1)

(ii) Ainmnigh **dhá** ghníomhaíocht atá ar siúl i bPictiúr A2.

.............................................................................................................................

............................................................................................................................. (2)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar an Meánaois, ainmnigh **dhá** chéim sa traenáil a fuair an ridire.

.............................................................................................................................

............................................................................................................................. (2)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Léarscáil de Chúige Uladh atá i bPictiúr B, ina dtaispeántar torthaí Thoghchán 1910.*

(i) Cén pháirtí a bhuaigh suíochán in Aontroim Theas?

........................................................................................................................ (1)

(ii) Ón léarscáil, ainmnigh contae **amháin** ina raibh móramh ag na Náisiúntóirí agus contae **amháin** ina raibh móramh ag na hAontachtóirí.

Contae náisiúnach: ........................................................................................................

Contae aontachtach: ...................................................................................................... (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** cheannaire Aontachtacha i rith Ghéarchéim an Rialtais Dúchais, 1910-1914.

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (2)

*(c)* **PICTIÚR C1 agus PICTIÚR C2**

*Póstaeir de chuid na gComhghuaillithe sa Dara Cogadh Domhanda is ea Pictiúr C1 agus Pictiúr C2.*

(i) I bpictiúr C1, cad é an t-ainm ceart ar an tsiombail atá á milleadh?

........................................................................................................................ (1)

(ii) I bpictiúr C2, cad atá tar éis tarlú do na fir agus do na mná i sráidbhaile Lidice sa tSeicslóvaic?

Fir: ........................................................................................................

Mná: ...................................................................................................... (2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis gur úsáideadh bolscaireacht sa Dara Cogadh Domhanda.

........................................................................................................................

........................................................................................................................

........................................................................................................................ (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Sliocht is ea é seo as cuntas a thug Peter Walker. Chuaigh sé ar imirce go dtí an Bhreatain i ndeireadh na 1930idí agus chaith sé tréimhse in Arm na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda.*

(i) Tabhair cúis **amháin** go ndeachaigh an t-údar isteach in Arm na Breataine?

…………..........................................................................................................................

.........................................................................................................……………..(1)

(ii) Cén t-ainm a thugtaí de ghnáth ar Ochtú Arm na Breataine?

.........................................................................................................……………(1)

(iii) Cén fáth, dar leat, go raibh ar na saighdiúirí na gunnaí agus an lón cogaidh a thochailt isteach sula bhféadfaidís is a gcuid trinsí féin a dhéanamh?

…………..........................................................................................................................

.........................................................................................................……………..(2)

(iv) Cén dearcadh a bhí ag an údar maidir leis na Gearmánaigh, dar leat? Tabhair píosa **amháin** fianaise as an sliocht a chuidíonn le do fhreagra.

Dearcadh: .....................................................................................................………

Fianaise: ..................................................................………………………………….

…………………………………………………………….....................……………..(2)

(v) Ón staidéar atá déanta agat ar an Dara Cogadh Domhanda, ainmnigh ginearál tábhachtach **amháin** de chuid na Breataine nó de chuid Mheiriceá.

.........................................................................................................……………(2)

*(b)* **DOCIMÉAD 2**

*Sliocht is ea é seo as cuntas a thug Séamas Ó Muirí as Cnoc an Chrochaire, Co. Ros Comáin. Ba é a bhí ina chaptaen ar an gcontae nuair a bhuaigh siad craobh na hÉireann sa pheil sna blianta 1943 agus 1944.*

(i) Tabhair cúis **amháin** a thugann an t-údar agus a d'fhéadfadh a mhíniú cén fáth go raibh sé féin agus a chairde "an-tugtha don pheil".

……………………………………………………………………………………...

…………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cé chomh minic agus a d'imríodh an t-údar agus a chairde an pheil?

…………………………………………………………………………………… (1)

(iii) Tabhair cúis **amháin**, dar leis an údar, go raibh na scileanna níos fearr ag na peileadóiri sna 1940idí ná mar atá siad ag peileadóirí an lae inniu.

……………………………………………………………………………………...

…………………………………………………………………………………… (1)

(iv) Tabhair **dhá** chúis, dar leis an údar, go raibh na peileadóirí sna 1940idí níos aclaí ná peileadóirí an lae inniu.

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………… (2)

(v) As an staidéar atá déanta agat ar an stair shóisialta, tabhair **dhá** shampla de nithe eile a d'fhéadfadh aird na ndaoine a tharraingt, dar leis an údar.

……………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………… (2)

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ
(20 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Ón staidéar atá déanta agat ar an stair, mínigh cad a thuigtear le foinse phríomha. Tabhair sampla **amháin** d'fhoinse den saghas sin.

Foinse phríomha ………………………………………………………………………………....

...................................................................................................................................................

Sampla...……………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas a bhain le caisleáin sa Mheánaois.

*Daingean; Móta; Geata crochta; Túirín.*

…………………………………………………………………………………………………….

.........................................................................................................................……………… (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** ord de mhanaigh nó bráithre bochta ón Meánaois.

.........................................................................................................................……………… (2)

(iv) Cé is moite de reiligiún, ainmnigh **dhá** sheirbhís a chuir na mainistreacha ar fáil do dhaoine sa Mheánaois.

.........................................................................................................................……………… (2)

(v) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Renaissance agus saothar **amháin** dá c(h)uid.

Scríbhneoir: ……………..............................................................................................................

Saothar:.............................……………………………………………………………………….. (2)

(vi) Tabhair **dhá** thoradh a tháinig as forbairt an chlóphreasa.

…………………………………………………………………………………………………….

.........................................................................................................................……………… (2)

(vii) Tabhair **dhá** chúis go raibh rialtóirí sásta dul in urraíocht ar aistir farraige i rith Aois na bhFionnachtan.

.........................................................................................................................……………

.........................................................................................................................…………….. (2)

(viii) Cad chuige ar úsáideadh **dhá** cheann díobh seo i rith Aois na bhFionnachtan:

*Cairteanna Partalón; Astraláib; Luasmheá agus téadán; Carbhail*

.........................................................................................................................…………..…

.........................................................................................................................…………..…

.........................................................................................................................……………… (2)

(ix) Ainmnigh an tír a rinne an bealach farraige go dtí an India a fhionnadh in Aois na bhFionnachtan.

.........................................................................................................................……………… (2)

(x) Tabhair **dhá** chúis go raibh a lán daoine den tuairim go raibh gá le leasuithe san Eaglais Chaitliceach timpeall 1500.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xi) Tabhair **dhá** thoradh a bhí ar an Reifirméisean san Eoraip i rith na tréimhse, 1517-1648.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xii) Ainmnigh **dhá** thoradh a bhí ar an Réabhlóid Talmhaíochta sa Bhreatain.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xiii) Ainmnigh **dhá** aireagán thábhachtacha i rith na Réabhlóide Tionsclaíche sa Bhreatain.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xiv) Mínigh cén fáth go raibh Cath Stalingrad chomh tábhachtach sa Dara Cogadh Domhanda.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xv) Sa Dara Cogadh Domhanda, cad a bhí in *Oibríocht Overlord*?

......................................................................................................................... (2)

(xvi) Ainmnigh an ceannaire a bhí ar an A.P.S.S. **agus** ceannaire a bhí ar Stáit Aontaithe Mheiriceá i rith an Dara Cogaidh Dhomhanda.

A.P.S.S:.........................................................................................................

S.A.M:........................................................................................................... (2)

(xvii) Tabhair **dhá** chúis go raibh cogadh eacnamaíoch idir an Bhreatain agus Éire sna 1930idí.

......................................................................................................................... (2)

(xviii) Ainmnigh **dhá** pháirtí polaitíochta a bhí mar chuid den Chéad Rialtas Idirpháirtíoch, 1948-1951.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xix) Ainmnigh **dhá** chinneadh thábhachtacha a thóg Rialtas Sheáin Lemass i rith na tréimhse, 1959-1966.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

(xx) Ainmnigh **beirt** a bhí mar cheannairí ar Fhianna Fáil ó d'éirigh Seán Lemass as i 1966.

.........................................................................................................................

......................................................................................................................... (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5, AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

**4. PEARSANA SA STAIR**
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu anseo. Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Seandálaí i mbun oibre. (20)

(ii) Duine óg i sibhialtacht ársa **lasmuigh d'Éirinn** a ainmníonn tú. (20)

(iii) Péintéir nó dealbhadóir ón Renaissance **a ainmníonn tú**. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu anseo. Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Coilíneach a fuair talamh i bPlandáil **a ainmníonn tú** in Éirinn sa 16ú haois nó sa 17ú haois. (20)

(ii) Seanduine ag cur síos ar na hathruithe atá tar éis tarlú in Éirinn ó 1945 i leith. (20)

(iii) Tuairisceoir nuachta ag cur síos ar mhór-tharlactaint sa Chogadh Fuar, 1945-1963.

**NÓ**

Staraí ag cur síos ar phríomh-imeachtaí na gluaiseachta i dtreo na hAontachta Eorpaigh, 1945-1992.

**NÓ**

Duine a thacaigh le gluaiseacht na saoirse, tar éis 1945, i dtír Afraiceach nó Áiseach **a ainmníonn tú.**

(20)

5. **SASANA TIONSCLAÍOCH AGUS NA CEANTAIR TUAITHE IN ÉIRINN (30 marc)**

**Foinse D**

*Sa dá shliocht seo a leanas déantar cur síos ar an gcaoi ina raibh na bochtáin in Éirinn timpeall na bliana 1840.*

Sliocht 1

"Níl aon slí chun a fháil amach go beacht uimhir na ndaoine a bhí ag brath ar phrátaí mar bhia, ach caithfidh gur mhór an chuid é den daonra sna contaetha go léir san iarthar, agus nár bheag é ach an oiread i gcontaetha an oirthir i gCúige Laighean agus i gCúige Uladh. B'fhéidir go bhféadfaí an figiúr a mheas ag 2,000,000."


Sliocht 2

"Na botháin a bhí á dtógáil ag na daoine bochta, gan aon chabhair ó éinne, agus mé ag gabháil thar bráid, bhíodar go fíor-ainnis- gan mar fhallaí cúil acu i roinnt mhaith cásanna ach claitheacha agus na hurláir tochailte isteach sa díog; agus gur ar éigean go raibh d'airde acu go bhféadfadh fear seasamh suas díreach iontu, ní raibh á gclúdach ach cúpla píosa de scraitheacha agus iad sin féin is ar éigean go raibh siad ag síneadh amach thar an rud go dtabharfá díon air; agus na seandaoine gléasta go dona; na páistí is iad leath-nocht."

*(Foinse: Stephen J Campbell, "The Great Irish Famine" lch 18.)*

**Foinse E**

Léarscáil is ea é seo ina dtaispeántar an laghdú ar an daonra in Éirinn idir 1841 agus 1851.




(Foinse: Edwards RD, Williams TD, eds: "The Great Famine – Studies in Irish History, 1845 – 1852", Lilliput Press.)

**A.** Déan staidéar ar fhoinse D, dhá shliocht ina ndéantar cur síos ar dhálaí in Éirinn timpeall 1840.

(i) I sliocht 1, cé mhéid daoine, dar leis an údar, a bhí ag brath ar phrátaí mar bhia timpeall 1840? (2)

(ii) I sliocht 2, an gceapann tú gur cuireadh as go mór don údar mar gheall ar na rudaí a chonaic sé. Tabhair píosa **amháin** fianaise ón sliocht a chuidíonn le do fhreagra. (2)

(iii) Mínigh **trí cinn** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an saol in Éirinn timpeall 1840:

*Cotaire; Conacra; Iomairí; Athmháistir; Díshealbhú;* (6)

**B.** Léarscáil is ea Foinse E ina dtaispeántar an laghdú ar an daonra in Éirinn idir 1841 agus 1851.

(i) As Foinse E, ainmnigh páirt **amháin** den tír ina raibh:

*(a)* méadú ar an daonra i rith na tréimhse seo **agus**
*(b)* laghdú níos mó ná 30% ar an daonra i rith na tréimhse seo. (2)

(ii) Cad iad na bearta a rinneadh sna 1840idí chun cabhrú leo sin gur chuir an Gorta Mór in Éirinn as dóibh? (4)

**C.** (i) "Ba mhór an tionchar a bhí ag an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain ar shaol na ndaoine." Agus aird á tabhairt agat ar an ráiteas thuas, scríobh cuntas ar an tionchar a bhí ag an Réabhlóid Thionsclaíoch ar ghné **amháin** díobh seo a leanas a bhaineann le gnáthshaol na ndaoine sa Bhreatain:

*(a)* Tithíocht agus bia.
*(b)* Sláinte agus cúrsaí caitheamh aimsire.
*(c)* Oideachas.

(14)

**6.** Freagair **dhá cheann** de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D**. (60 marc)

## A. ÁR bPRÉAMHACHA SNA SIBHIALTACHTAÍ ANALLÓD

(i) Tabhair **dhá** chúis gur maith an foinse eolais ar an saol in Éirinn anallód iad tuamaí meigiliteacha. (2)

(ii) Astu seo a leanas, ainmnigh **dhá** láthair thábhachtach seandálaíochta go bhfuil sé le rá fúthu go raibh baint acu leis an saol in Éirinn sa Chlochaois:

*Achaidh Chéide ; Seireapún; Cé an Adhmaid; Dubhadh* (2)

(iii) Cad iad an **dá** mhiotal as a ndéantaí cré-umha? (2)

(iv) Mínigh **dhá cheann** de na téarmaí seo a leanas a raibh baint acu le hÉirinn anallód:

*Dolmain; Draoi; Tuath.* (4)

(v) Scríobh cuntas ar **dhá cheann** de na gnéithe seo a leanas a bhain leis an saol in Éirinn i Ré na gCeilteach:

*(a)* Bia agus Éadaí.
*(b)* Tithíocht.
*(c)* Cúrsaí Oibre, Ealaíona agus Ceardaíocht. (2x10)

## B. GLUAISEACHTAÍ RÉABHLÓIDEACHA

(i) Ainmnigh **dhá** chúis a bhí le Cogadh na Saoirse i Meiriceá. (2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis gur bhuaigh na Meirceánaigh ar na Briotanaigh i gCogadh na Saoirse. (2)

(iii) Mínigh an tionchar a bhí ag Réabhlóid Mheiriceá ar ar tharla san Fhrainc i ndeireadh an ochtú haois déag. (6)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá cheann** díobh seo a leanas:
*(a)* "Réim an Uafáis" i rith Réabhlóid na Fraince.
*(b)* Na torthaí a bhí ar Réabhlóid na Fraince.
*(c)* Na príomh-imeachtaí in Éirí Amach 1798.
*(d)* Torthaí Éirí Amach 1798 in Éirinn. (2x10)

## C. FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair **dhá** chúis gur theip ar Éirí Amach 1916. (2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis gur bhuaigh Sinn Féin Toghchán 1918. (2)

(iii) Mínigh **trí cinn** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Cogadh na Saoirse, 1919-21:

*An Scuad; Acht Um Rialtas Éireann, 1920; Constáblaí Cúntacha; Colúin Reatha; An Conradh Angla-Éireannach,1921.* (6)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá cheann** díobh seo a leanas:
*(a)* An Cogadh Cathartha, 1922-23.
*(b)* Cumann na nGaedheal mar Rialtas, 1923-32.
*(c)* Éire i rith an Dara Cogadh Domhanda.
*(d)* Tuaisceart Éireann, 1963-73. (2x10)

## D. CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) I do fhreagarleabhar, cuir isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1)-(6). Ba chóir duit na huimhreacha cearta a chuir ar na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh. **<u>Ná</u> freagair an cheist seo ar an bpáipéar scrúduithe**.

(1) Sé an t-ainm a thugtaí ar lucht leanúna Mussolini ná …………………

(2) I ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda bhí a lán Iodálach míshásta le Conradh ……………………………….

(3) A lán den lucht gnó bhí eagla orthu go scaipfeadh …………………… agus uime sin thacaigh siad leis an bhfaisisteachas.

(4) I ndiaidh na Máirseála ar ………………………, ceapadh Mussolini ina Phríomh-Aire ar an Iodáil.

(5) I gConradh ………………………a síníodh leis an bPápa i 1929, tugadh aitheantas do chathair na Vatacáine mar stát neamhspleách.

(6) Sa bhliain 1935, rinne na hIodálaigh ionradh ar ……………………… (6)

(ii) Tabhair **dhá** chúis le teacht i gcumhacht Hitler sa Ghearmáin, Eanáir, 1933. (4)

(iii) Mínigh **trí cinn** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an nGearmáin faoi chumhacht na Naitsíoch, 1933-1939.
*Acht Cumasaithe; Oíche na Sceana Fada; Dlíthe Nuremberg; Kristalnacht: An Gestapo.* (6)

(iv) Tabhair cuntas ar na himeachtaí ó 1933 go dtí 1939, ar tháinig díobh an Dara Cogadh Domhanda. (14)